



ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN  
THE ADOPTION AUTHORITY of IRELAND

# Údarás Uchtála na hÉireann

## Tuarascáil Bhliantúil 2015





Údarás Uchtála na hÉireann – Tuarascáil Bhliantúil 2015  
Tuarascáil ó

Údarás Uchtála na hÉireann

don bhliain 2015

Do: An Dr Katherine Zappone T.D.  
Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige,  
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Comhaltas an Bhoird - 2015

Go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2015

Ón 1 Samhain 2015

An Dr. Geoffrey Shannon, Cathaoirleach

An Dr. Geoffrey Shannon, Cathaoirleach

Helen Collins, Leaschathaoirleach

Orlaith Traynor, Leaschathaoirleach

Anne O'Flaherty

Anne O'Flaherty

An Dr. Imelda Ryan

An Dr. Imelda Ryan

Corrina Carrick

An tOllamh Helen Buckley

Siobhan Keogh

Paul Harrison

An Dr. Ann McWilliams

An Breitheamh Patrick McMahon (ar scor)

## Struchtúr Eagrúcháin

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Lucht Bainistíochta Sinsearach 2015

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Patricia Carey

Stiúrthóir Oibríochtaí & Seirbhísí Corparáideacha: Kiernan Gildea

Ceann Oibríochtaí: Anthony Abbott King

Príomhoibrí Sóisialta: Celia Loftus

## CLÁR

### Brollach

Teachtaireacht ó Chathaoirleach an Bhoird agus ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Athbhreithniú ar Phlean Corparáideach an Údaráis 2012-2015

Athbhreithniú ar Phlean Gnó an Údaráis 2015

### Uchtáil Bhaile

- Anailís ar Ghníomhaíochtaí
- Iarratais chuig an Ard-Chúirt

### Faisnéis agus Lorgaireacht

- Anailís ar Ghníomhaíochtaí
- An Clár Náisiúnta Roghanna maidir le Teagmháil i gcás Uchtáil (NACPR)

### Uchtáil Idir Tíortha

- Anailís ar Ghníomhaíochtaí
- Saincheistanna a bhaineann le Tíortha Sonracha
- Clár Aitheantais Inscne na nUchtálacha Idir Tíortha

### Creidiúnú

### Staitisticí

Eile - lena n-áirítear tuarascáil maidir le cúrsaí fuinnimh - éigeantach

## Brollach

Ba bhliain tháirgiúil í an bhliain 2015 d'Údarás Uchtála na hÉireann ("AAI"). Chuir sé fáilte roimh achtú an Achta um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh 2015. Tá an reachtaíocht thábhachtach sin leanbh-lárnaithe agus tabharfaidh sé aghaidh ar roinnt mírialtachtaí atá ann sa dlí teaghlaigh. Déantar foráil san Acht maidir le raon roghanna tuismitheoireachta, lena n-áirítear caomhnóireacht agus cearta do sheanaitheacha agus do sheanmháithreacha agus do ghaolta eile. Tugann sé isteach ceann de na hathruithe is suntasaí ar an dlí teaghlaigh dá ndearnadh le glúin anuas. Cuireann sé leasanna an linbh i gcroílár na gcinntí go léir maidir le coimeád, caomhnóireacht agus uchtáil. Soláthraíonn an tAcht conairí éagsúla i dtreo na tuismitheoireachta agus beidh impleachtaí suntasacha aige i leith cleachtais uchtála.

I gcás leastuismitheoirí, cuireann an reachtaíocht nua caomhnóireacht ar fáil mar rogha mhalartach maidir le cúram leanaí. Cumasaíonn sé do raon níos leithne aithreacha gan phósadh teacht go huathoibríoch chun bheith ina gcaomhnóirí ar a leanaí. I dtaca leis sin de, forchuireann an reachtaíocht ceanglais de chineál níos troime ar an Údarás i leith dul i gcomhairle leis an athair breithe. I mí Aibreáin, d'óstáil an tÚdarás seimineár maidir leis an Acht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh agus thug an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais araon aithisc le linn an tseimineáir sin.

Sa bhliain 2015, lean an tÚdarás dá ról maidir le cigireacht a dhéanamh ar Chomhlachtaí Creidiúnaithe a chur i bhfeidhm trí chigireacht phíolótach a dhéanamh ar an ngníomhaireacht uchtála ar a dtugtar 'Cúnamh'. D'éirigh go han-mhaith leis an gcigireacht sin agus réiteoidh sé an bealach don Údarás maidir le cur i bhfeidhm a chórais iomláin cigireachta sa bhliain 2016 le haghaidh na ngníomhaireachtaí go léir atá creidiúnaithe ag an Údarás Uchtála.

Chuathas i mbun roinnt tionscnamh nua sa bhliain 2015, lena n-áirítear cuideachta láithreáin gréasáin a cheapadh chun láithreán gréasáin nua a fhorbairt, a dhearadh agus a chur i ngníomh don Údarás. Lainseálfar an uirlis thábhachtach chumarsáide sin sa bhliain 2016.

Mar chuid d'fhorbairt leanúnach an Údaráis mar chomhlacht neamhspleách, eisíodh tairiscint freisin maidir le seirbhísí acmhainní daonna a sholáthar. Oibreoidh an chuideachta sin leis an bhfoireann sa bhliain 2016 d'fhonn forbairt a dhéanamh ar dhaoine agus acmhainní daonna a phróiseáil.

Leanann an tÚdarás de bheith ag obair leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus le TUSLA i ndáil le pleanáil a dhéanamh maidir le reachtaíocht Faisnéise agus Lorgaireachta a chur i bhfeidhm. Tá na geallsealbhóirí éagsúla ag tnúth le fada leis an reachtaíocht sin agus tá gá léi chun ár gcuid oibleagáidí idirnáisiúnta

a chomhlíonadh agus chun freastal ar an gceart atá ag daoine chun faisnéis maidir le céannacht a fháil. I mí Dheireadh Fómhair, chuir an tÚdarás aighneacht mhionsonraithe faoin reachtaíocht nua faoi bhráid an Chomhchoiste Oireachtais um Shláinte agus Leanaí.

Tá clár teagmhála saorálaí i gcás uchtáil, is é sin, NACPR, á oibriú ag AAI ó bhí an bhliain 2005 ann. Tá níos mó ná 11,000 duine cláraithe ar an gclár teagmhála i gcás uchtáil agus, ón mbliain 2005 i leith, tá meaitseálacha ón gclár éascaithe ag an Údarás do 670 duine.

Sa bhliain 2015, arbh é cothrom deich mbliana lainseáil an Chláir Náisiúnta Roghanna maidir le Teagmháil i gcás Uchtáil (NACPR) é, reáchtáil an tÚdarás clár píolótach chun faisnéis sa chlár a uasdátú. Rinneadh teagmháil le sé chéad duine den 12,000 duine a bhí cláraithe chun uasdátú a dhéanamh ar a bhfaisnéis teagmhála. Maidir leis na daoine a ndearnadh teagmháil leo, d'fhreagair 32% díobh chun leibhéal a rogha maidir le teagmháil a athrú agus a bhfaisnéis teagmhála a uasdátú.

Is uirlis thábhachtach fós í an NACPR i ndáil le teagmháil chomhaontaithe idir daoine uchtaithe agus gaolta breithe a chumasú.

Molann an tÚdarás go mór do thuismitheoirí breithe/nádúrtha go háirithe clárú ós rud é go léiríonn na staitisticí go bhfuil níos mó daoine uchtaithe cláraithe ná mar atá cláraithe i gcás gaolta breithe/nádúrtha.

Sa bhliain 2015, lean an tÚdarás d'aird a tharraingt ar chearta agus ar leasanna leanáí i ngach gné dá chuid oibre agus féachann sé lena chinntiú go dtugtar éisteacht do ghuth an linbh le linn a bheith ag plé le gach ní a bhaineann le huchtáil. I gcás uchtáil bhaile tar éis cúram altramais fadtéarma, bíonn aois agus leibhéal aibíochta, a fhágann gur féidir dul i gcomhairle leo faoin uchtáil atá beartaithe, bainte amach ag an gcuid is mó leanáí.

Tá súil ag AAI go ndéanfaidh aon reachtaíocht nua foráil maidir le prionsabail na hoscailteachta agus na trédhearcachta a léirítear in Airteagail 7 agus 8 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.

Chuir an tÚdarás fáilte roimh Bhord nua a cheap an tAire ar an 1 Samhain 2015 i gcomhar leis an tSeirbhís um Cheapacháin do Bhoird Stáit agus chuir sé sin raon forleathan taithí ar fáil le haghaidh obair an Údaráis.

Sa bhliain 2015, rinneadh Clár Aitheantais Inscene na nUchtálacha Idir Tíortha a shíniú isteach sa dlí, rud ar cuireadh fáilte mhór roimhe. Ligeann an clár sin dóibh siúd a bhfuil deimhniú bailí aitheantais inscne acu, mar aon le taifead i



gClár na nUchtálacha Idir Tíortha, iarratas a dhéanamh ar thaifead i gClár Aitheantais Inscne na nUchtálacha Idir Tíortha.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis an bhfoireann agus le comhaltaí Bhord an Údaráis as a dtiomantas agus as a ndíograis i leith obair an Údaráis. Is mór againn gach rud a dhéanann siad.

Ina theannta sin, is mian linn admháil a thabhairt i leith na tacaíochta leanúnaí agus an chúnaimh leanúnaigh a fhaightear ón Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus ó fhoireann na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige.

An Dr Geoffrey Shannon  
Cathaoirleach

Patricia Carey  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

## ATHBHREITHNIÚ AR PHLEAN CORPARÁIDEACH AN ÚDARÁIS 2012-2015

### PLEAN CORPARÁIDEACH 2012-2015

Ba é Plean Corparáideach 2012-2015 an chéad phlean corparáideach de chuid an Údaráis. Bhí treoir leagtha amach don eagraíocht nuabhunaithe le haghaidh na dt trí bliana sa tréimhse 2012-2015 agus ba chloch mhíle thábhachtach é i dtaca leis an aistriú óna réamhtheachtaí, an Bord Uchtála, go dtí Údarás Uchtála na hÉireann.

#### Prionsabail

Shainaithin an tÚdarás ceithre phríomhphrionsabal a bheadh ann mar threoir dá mhisean, dá spriocanna ardleibhéil, dá chuspóirí agus don obair a bhí le déanamh. Trí na prionsabail sin a chur i bhfeidhm, chinnteodh an tÚdarás gurb é leas an linbh príomhchuspóir gach ceann dá chinntí, de réir Alt 19 den Acht Uchtála 2010. Ba iad seo a leanas na ceithre phrionsabal a sainaithníodh:

- Leanbh-Lárnachas
- Sármhaitheas
- Cuntasacht trí Chleachtas Eiticiúil agus trí Thrédhearcacht
- Meas

#### Spriocanna

Rinneadh ceithre phríomhspríoc agus roinnt cuspóirí sonracha a shainaithint mar nithe a ndíreofaí obair an Údaráis orthu sa tréimhse trí bliana lena mbaineann.

Sprioc 1: Cinnteoireacht oibiachtúil a dhéanamh agus a chur chun cinn i ndáil le seirbhísí uchtála, de réir an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus de réir deachleachtas fianaise-bhunaithe.

1. Cuspóirí	1. Torthaí
<p>1. Cinntí a dhéanamh maidir le deonú dearbhuithe incháilitheachta agus oiriúnachta chun uchtáil a dhéanamh, maidir le horduithe uchtála a dhéanamh agus maidir le horduithe uchtála idir tíortha a aithint.</p> <p>2. Clár na n-uchtálacha idir tíortha agus clár na gcomhlachtaí creidiúnaithe a chothabháil agus cúnamh a thabhairt don Phríomh-Oifig Chlárúcháin i ndáil le clár na n-uchtálacha a chothabháil de réir an dlí a bhaineann le huchtáil agus de réir dlíthe gaolmhara.</p>	<p>1. Déileáiltear le gnáthiarratais laistigh de thrí seachtaine ón tráth a bhfaightear iad. I rith thréimhse an phlean deonaíodh 1,102 Dhearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta, deonaíodh 370 ordú uchtála agus rinneadh 634 thaifead i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha.</p> <p>2. Bunaíodh cláir nua agus coinnítear cothrom le dáta iad i bhfíor-am. I rith thréimhse an phlean creidiúnaíodh 13 chomhlacht chreidiúnaithe.</p>

<p>3. Cinntí a dhéanamh maidir le scaoileadh faisnéise d'uchtaithe aosacha agus do thuismitheoirí breithe, an Clár Náisiúnta Roghanna maidir le Teagmháil i gcás Uchtáil (NACPR) a chothabháil agus a riaradh agus seirbhís faisnéise uchtála agus lorgaireachta a sholáthar do dhaoine uchtaithe agus do dhaoine dá dteaghlach nádúrtha i gcás nach raibh aon ghníomhaireacht uchtála bainteach leis an suíomh nó i gcás ina sealbhaíonn an tÚdarás comhaid de chuid cumann uchtála nach bhfuil ann a thuilleadh.</p> <p>4. Taifid chuimsitheacha a chruthú agus a chothabháil i leith na n-iarratas go léir ar Orduithe Uchtála/na n-iarrataí go léir ar thaifead a chur i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha.</p> <p>5. Caidreamh náisiúnta agus caidreamh idirnáisiúnta a chothú agus a fhorbairt leis na geallsealbhóirí go léir, agus é mar aidhm aige sin sármhaitheas a chur chun cinn i dtaca le seirbhísí uchtála agus seirbhísí a bhaineann le huchtáil.</p>	<p>3. I rith thréimhse an phlean fuarthas agus próiseáladh 2,622 iarratas i leith an NACPR. Lean 312 mheaitseáil as na hiarratais sin. Chuir an easpa reachtaíochta cuí srian mór ar chumas an Údaráis chun seirbhís níos cuimsithí faisnéise agus lorgaireachta a sholáthar.</p> <p>4. Déantar na páipéir ar fad a scanadh ar bhunachar sonraí daingean ar mhodh tráthúil agus déantar iad a innéacsú mar áis tagartha. Déantar prótacail slándála a athbhreithniú go tráthrialta i dtaca le stóráil comhad páipéir/comhaid chúltaca leictreonacha.</p> <p>5. Bhíothas i dteagmháil go tráthrialta leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, Le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte/an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus le heagraíochtaí geallsealbhóra intíre. Ina theannta sin, bhíothas i dteagmháil go tráthrialta le Comhdháil na Háige ar an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach, le UNICEF agus le Seirbhísí Sóisialta Idirnáisiúnta. I rith thréimhse an phlean thug toscaireachtaí cuairteanna ar an Ríocht Aontaithe, ar Stáit Aontaithe Mheiriceá, ar Vítneam, ar an Téalainn, ar na hOileáin Philipíneacha, ar Vítneam agus ar an mBulgáir. Comhaontaíodh socruithe riaracháin idir Éire agus Stáit Aontaithe Mheiriceá agus idir Éire agus Vítneam.</p>
--	---

Sprioc 2: Cumas a fhorbairt, go himmheánach agus go seachtrach araon, maidir le sármhaitheas i seirbhísí uchtála

Cuspóirí:

Cuspóirí	Torthaí
<p>1. Eagraíocht chumasach éifeachtach a chruthú agus í á rialú go maith agus éifeachtúil, ar leibhéal an Bhoird agus ar an leibhéal feidhmiúcháin araon.</p>	<p>Rinneadh prótacail maidir le leibhéal foirne agus earcaíocht a chomhaontú leis an máthair-Roinn. Cuireadh tús le próiseas Bainistíochta Acmhainní</p> <p>1. Daonna. Ceapadh Oifigigh Saorála Faisnéise/Cosanta Sonraí.</p>
<p>2. An leas is fearr agus is féidir a bhaint as na hacmhainní airgeadais agus oibríochtúla a leithroinntear don Údarás agus luach ar airgead a áirithiú.</p>	<p>2. Forbraíodh nósanna imeachta airgeadais agus próiseas fála earraí agus seirbhísí. Bunaíodh Coiste Iniúchta agus Rioscaí. Bunaíodh agus cothabháladh Clár Rioscaí.</p>
<p>3. I gcomhar lenár gcuid príomh-chomhpháirtithe, idir reachtúil agus neamhreachtúil, tacú le forbairt seirbhísí uchtála agus seirbhísí iaruchtála de chineál cuimsitheach, ardchaighdeán, comhtháite, agus formhaoirseacht a dhéanamh air sin.</p>	<p>3. Foilsíodh treoirlínte maidir le huchtáil bhaile. Rinneadh oiliúint faoi na treoirlínte a eagrú do sholáthróirí seirbhísí uchtála, rud a rinneadh i rith Bhealtaine 2014 agus bhí tacaíocht leanúnach teileafóin ar fáil go dtí deireadh na bliana 2014.</p>
<p>4. Caidreamh éifeachtach a bheith ann le húsáideoirí seirbhíse agus lena dtacadóirí, le soláthróirí seirbhíse, le déantóirí beartais agus leis an Rialtas d'fhonn feabhsuithe cáilíochta leanúnacha a chur i bhfeidhm inár gcuid seirbhísí uchtála.</p>	<p>4. Cruinnithe rialta le geallsealbhóirí. Seoladh seimineáir faisnéise leathbhliantúla. Foilsíodh Cairt Chustaiméara agus Nós Imeachta maidir le Gearáin.</p>

Sprioc 3: Tacaíocht a thabhairt maidir le hardchaighdeán ó thaobh seirbhísí uchtála de, faireachán agus imscrúdú a dhéanamh ina leith sin agus, más gá, na hardchaighdeán sin a áirithiú.

Cuspóirí	Torthaí
<p>Creat náisiúnta</p> <p>1. ardchaighdeán a sholáthar i ndáil le gach seirbhís uchtála.</p>	<p>1 Tá trí chreat chaighdeánaithe ar fáil anois. Uchtáil Bhaile — Uchtáil Idir · Tíortha — Faisnéis agus Lorgaireacht.</p>
<p>2. Gach gníomhaíocht a sholáthraíonn seirbhísí uchtála a chreidiúnú agus a chlárú de réir caighdeáin cheadaithe</p> <p>3. Socrú a dhéanamh maidir le faireachán agus measúnú rialta ar sheirbhísí cláraithe.</p> <p>4. Gach beart riachtanach a dhéanamh chun a chinntiú go sroichtear caighdeáin agus go ndéantar pleanáil maidir le feabhsú leanúnach.</p>	<p>Iarratais a phróiseáil agus cinntí a dhéanamh ar mhodh tráthúil. Creidiúnaíodh 13 chomhlacht.</p> <p>2 Próiseas cigireachta deartha agus tástáil déanta air go rathúil. Tuairisciú leathbhliantúil ar bun.</p> <p>3 · Córas cigireachta don bhliain 2016</p> <p>4 curtha in iúl do chomhlachtaí creidiúnaithe. Dúnadh comhlacht creidiúnaithe amháin. Theip ar trí cinn tús a chur le hobair.</p>

Spríoc 4: Creat cuimsitheach faisnéise, taighde agus cumarsáide a sholáthar chun tacú le forbairt an bheartais maidir le huchtáil, le soláthar seirbhísí agus le feabhsú leanúnach cáilíochta.

<p>1. Cuspóirí</p> <p>Faisnéis staitistiúil agus gnéithe pleanála/forbartha de sholáthar seirbhísí a thiomsú agus tuairisciú a dhéanamh ina leith sin.</p> <p>2.</p> <p>Taighde a dhéanamh agus a chur chun cinn go himheánach agus trí chaidreamh a bhunú le hinstitiúidí acadúla cuí agus le comhlachtaí gairmiúla chun deiseanna agus prótacail cuí taighde a bhunú.</p> <p>3.</p> <p>Faisnéis faoi sheirbhísí uchtála, agus faisnéis eile, a chur ar fáil go díreach don phobal i gcoitinne, d'úsáideoirí seirbhíse, do ghairmithe, don lucht déanta beartais agus don Rialtas i bhformáid atá furasta a úsáid agus tacú le dreamanna eile maidir le faisnéis faoi uchtáil agus faoi sheirbhísí a bhaineann le huchtáil a sholáthar.</p>	<p>1. Torthaí</p> <p>Faisnéis staitistiúil foilsithe go ráithiúil ar an láithreán gréasáin. Tuarascálacha Bliantúla agus Pleananna Gnó tíolactha in am don Roinn gach bliain.</p> <p>2.</p> <p>Rinneadh taighde i gcomhar le Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann maidir leis an ngá le seirbhísí iaruchtála ar bhonn náisiúnta. Cuireadh tús le tiomsú eolaire seirbhísí iaruchtála.</p> <p>3.</p> <p>Uasdátú rialta déanta ar an láithreán gréasáin agus fógra cuí foilsithe ann.</p>
--	---

<p>4. Anailís agus díospóireacht eolasach thomhaiste a chur chun cinn maidir le saincheisteanna a bhaineann le huchtáil.</p> <p>5. Tacú le Ranna Rialtais maidir le beartas faoi uchtáil, agus faoi nithe a bhaineann le huchtáil, a fhorbairt.</p>	<p>4. Eagraíodh sé imeacht, idir chomhdhálacha agus sheimineáir, in áitreabh AAI agus, lena linn, déileáladh le (i) nithe a bhaineann le faisnéis agus lorgaireacht, amhail cleachtas idirnáisiúnta agus reachtaíocht Éireannach atá le rith go gairid, (ii) uchtáil bhaile agus saincheisteanna amhail altramú agus an Bille/tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, (iii) saincheisteanna a bhaineann le huchtáil idir tíortha amhail faisnéis maidir le tíortha sonracha, Coinbhinsiún na Háige, agus leanaí móra a bhfuil riachtanais bhreise acu.</p> <p>5. Aiseolas tráthúil maidir le hiarrataí ar bharúlacha agus ar thuairimí faoi reachtaíocht agus faoi thograí eile.</p>
---	---

ATHBHREITHNIÚ AR PHLEAN GNÓ AN ÚDARÁIS 2015

Sprioc 1: Cumas a fhorbairt, go himmheánach agus go seachtrach araon, maidir le sármhaitheas i seirbhísí uchtála

Tascanna	Gníomhartha	Príomhtháscairí Feidhmíochta/Aschuir
Bunú an Údaráis mar chomhlacht neamhspleách a chur ar aghaidh	<p>(a) Neamhspleáchas airgeadais a bhunú</p> <p>(b) Feidhm dhlíthiúil ar leithligh a bhunú</p> <p>(c) Feidhm neamhspleách Acmhainní Daonna a bhunú</p>	<p>Aonad Airgeadais bunaithe</p> <p>Aturnae intí earcaithe</p> <p>Aonad Acmhainní Daonna bunaithe</p>
Cuir i bhfeidhm Bainistíochta Rioscaí san Údarás a chur i gcrích	Beartas bainistíochta rioscaí a ghlacadh, oifigeach rioscaí a cheapadh agus clár na rioscaí a athbhreithniú	Clár na Rioscaí a bheith athbhreithnithe ag gach cruinniú Boird agus ag cruinnithe den Choiste Rioscaí & Iniúchta
Feidhm iniúchta inmheánaigh a bhunú	Iniúcháir inmheánach a cheapadh	Iniúcháir inmheánach a bheith ceaptha agus plean oibre trí bliana a bheith comhaontaithe ag an gCoiste Rioscaí & Iniúchta.



Bainistíocht faisnéise & doiciméad	córas &	Athbhreithniú a dhéanamh ar na córais faisnéise go léir agus ar bhainistíocht taifead chun riachtanais a shainiú i leith sonraíocht nua deachleachtais	Plé leanúnach le Rannán Teicneolaíochta Faisnéise na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige
Tionscadal Teicneolaíochta Faisnéise an Bhoird		Na roghanna maidir le iPad-anna a sholáthar, maidir le slándáil chriptithe agus maidir le tacaíocht Teicneolaíochta Faisnéise do Chomhaltaí	Togra a bheith scrúdaithe ag Rannán Teicneolaíochta Faisnéise na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Sprioc 2: Tacaíocht a thabhairt maidir le hardchaighdeán ó thaobh seirbhísí uchtála de, faireachán agus imscrúdú a dhéanamh ina leith sin agus, más gá, na hardchaighdeán sin a áirithiú.

Tascanna	Gníomhartha	Príomhtháscairí Feidhmíochta/Aschuir
Caighdeán maidir le Comhlachtaí Creidiúnaithe i réimse na hUchtála Idir Tíortha.	Na Caighdeán a fhorbairt tuilleadh	Dhréachtaigh fochoiste de chuid an Bhoird caighdeán tosaigh; is tionscadal leanúnach é seo atá le hathbhreithniú sa chéad Phlean Corparáideach eile
An chéim dheiridh den faireachán ar Chomhlachtaí Creidiúnaithe a chur i gcrích	Grúpa stiúrtha le bunú.  Clár cuairteanna ar an láthair chun cleachtas agus beartais a athbhreithniú - tús le cur le gníomhartha píolótacha.  An córas cigireachta a chur i bhfeidhm ina iomláine	Meitheal bhainistíochta sinsearaí AAI atá ann faoi láthair mar ghrúpa stiúrtha.  Córas píolótach cigireachta curtha ar bun agus tástáil déanta air i gcomhar le ‘Cúnamh’.  Sainiú dhá Chomhlacht Chreidiúnaithe i gcomhair cigireachta sa bhliain 2016.

Sprioc 3: Creat cuimsitheach faisnéise, taighde agus cumarsáide a sholáthar chun tacú le forbairt an bheartais maidir le huchtáil, le soláthar seirbhísí agus le feabhsú leanúnach cáilíochta.

Tascanna	Gníomhartha	Príomhtháscairí Feidhmíochta/Aschuir
----------	-------------	--------------------------------------

<p>Impleachtaí an Reifrinn maidir le Leanaí 2012 An Bille um Leanaí &amp; Cóngais Teaghlaigh</p>	<p>Impleachtaí an tionscnaimh nua reachtaigh atá le hachtú sa bhliain 2015 a scaipeadh ar na geallsealbhóirí go léir.</p>	<p>D'óstáil Údarás Uchtála na hÉireann roinnt comhdhálacha faisnéise.</p>
--	---	---

<p>An Bille um Inscne a Aithint An Bhille Uchtála (Faisnéis agus Lorgaireacht)</p>		
<p>Athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Choinbhinsiún na Háige sa tréimhse 2010-2015</p>	<p>Na ceachtanna a foghlaimíodh, agus an deachleachtas amach anseo, i leith glacadh agus oibriú Choinbhinsiún na Háige a chur in iúl do na geallsealbhóirí.</p>	<p>Comhdháil faisnéise a óstáil do na geallsealbhóirí go léir dar teideal: Athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Choinbhinsiún na Háige sa tréimhse 2010-2015</p>
<p>Soiléire i dtaca le cumarsáid leis an bpobal &amp; le geallsealbhóirí, lena n-áirítear féiniúlacht chorparáideach.</p>	<p>Measúnú a dhéanamh ar an gcumarsáid ó bhéal, i scríbhinn agus leictreonach mar atá faoi láthair. Straitéis a ullmhú chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh, lena n-áirítear caidreamh le NALA. Faireachán a dhéanamh ar fhiosrúchán tar éis cur i bhfeidhm</p>	<p>Rinne NALA roinnt doiciméad de chuid an Údaráis a bhreithniú agus a fheabhsú.</p>
<p>Saoráil Faisnéise a bhunú mar ghnáthfheidhm oibríochtúil de chuid an Údaráis</p>	<p>Rannóg Saorála Faisnéise le bunú laistigh den Aonad Seirbhísí Corparáideacha &amp; Creidiúnúcháin agus oifigeach achomhairc Saorála Faisnéise le ceapadh</p>	<p>Rinneadh breithniú, agus tugadh freagra, ar gach iarraidh Saorála Faisnéise laistigh de na teorainneacha ama reachtúla.</p>

<p>Cumas a fhorbairt maidir le Faisnéis &amp; Lorgaireacht, lena n-áirítear feasacht a mhéadú i ndáil leis an gClár Náisiúnta Roghanna maidir le Teagmháil i gcás Uchtáil (NACPR)</p>	<p>Seirbhísí láithreacha Teicneolaíochta Faisnéise a réasúnú agus a athstruchtúró.</p> <p>An tÚdarás a fhógairt mar ionad náisiúnta sármhaitheasa i leith Teicneolaíochta Faisnéise (fanacht go ritear reachtaíocht nua sula gcomhaontaítear aon ghníomh)</p>	<p>Gan dréachtphleananna a chur i bhfeidhm go dtí go ndéantar na seirbhísí náisiúnta faisnéise agus lorgaireachta a shainiú sa reachtaíocht atá le rith.</p>
---	---	--

Sprioc 4: Cinnteoireacht oibiachtúil a dhéanamh agus a chur chun cinn i ndáil le seirbhísí uchtála, de réir an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus de réir deachleachtas fianaise-bhunaithe.

Tascanna	Gníomhartha	Príomhtháscairí Feidhmíochta/Aschuir
<p>Caidreamh a bhunú le hÚdaráis Lárnacha Náisiúnta Choinbhinsiún na Háige de réir an Phlean Chorporáidigh.</p>	<p>Stáit is iarrthóirí i leith socruithe riaracháin a shainaithint (mar shampla, an Chambóid, an Bhrasaíl, an Chasacstáin, an Afraic Theas, Háítí, an Pholainn, agus an Liotuáin)</p>	<p>Pléite leanúnacha ar siúl le húdaráis na Casacstáine agus Háítí.</p>
<p>Caidreamh a bhunú le hÚdaráis nach Údaráis Lárnacha Náisiúnta Choinbhinsiún na Háige iad de réir an Phlean Chorporáidigh.</p>	<p>Tabharfaidh an tÚdarás tús áite d'aon obair a éilíonn an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige sa Rúis agus/nó san Aetóip.</p>	<p>Tá breithniú leanúnach á dhéanamh ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.</p>
<p>Comhaontú le Stáit Aontaithe Mheiriceá a chomhdhlúthú</p>	<p>Cuairt a thabhairt ar Stáit Aontaithe Mheiriceá agus idirchaidreamh a dhéanamh leis na geallsealbhóirí go léir.</p>	<p>I Meán Fómhair 2015, thug an tÚdarás cuairt ar Stáit Aontaithe Mheiriceá agus bhuaill siad leis an Ambasáid, leis an Roinn Stáit agus le gníomhaireachtaí éagsúla chun athbhreithniú a dhéanamh ar nithe a bhaineann le huchtáil.</p>

## UCHTÁIL BHAILE

Anailís ar Ghníomhaíochtaí

Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta

Rinneadh 101 nDearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta a dheonú sa bhliain 2015. Ba é a bhí sa mheánam a thóg sé ón tráth a bhfuair an tÚdarás iarratas ar Dhearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta agus an tráth ar deonaíodh an Dearbhú ná 5.8 seachtain. Sa chuid is mó cásanna, deonaíodh Dearbhuithe laistigh de 3-4 seachtaine ón tráth a bhfuarthas an t-iarratas.

Le linn na caighdeáin agus na treoirlínte a ullmhaíonn an tÚdarás lena n-úsáid ag na geallsealbhóirí éagsúla, faightear eolas ina leith ó na treochtaí a thiomsaítear ó na hathbhreithnithe sin. Ina theannta sin, bíonn siad bunaithe ar eolas faoin deachleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta, ar an Acht Uchtála 2010, ar chaighdeáin rialacháin reachtúla Choinbhinsiún na Háige maidir le huchtáil, agus ar thaighde idirnáisiúnta amhail taighde na Seirbhísí Sóisialta Idirnáisiúnta.

### Orduithe Uchtála

Deonaíodh 94 Ordú Uchtála sa bhliain 2015. Uchtáil Leasteaghlaigh a bhí i gceist leis an gcuid is mó díobh, is é sin, 66. Tharla laghdú ar an líon orduithe uchtálacha a rinneadh i leith leanaí a bhí i gcúram altramais fadtéarma, is é sin - 13 sa bhliain 2015 i gcomparáid le 23 sa bhliain 2014. Ba é a bhí san iarmhéid (15) ná uchtálacha laistigh den teaghlach sínte (1), uchtálacha naíon a suíodh lena n-uchtáil in Éirinn (7), agus foirmiúlú uchtálacha i leith leanaí a cuireadh faoi chúram lánúineacha Éireannacha ó na hOileáin Philipíneacha (6) agus ón India (1).

### Iarratais chuig an Ard-Chúirt

Faoin Acht Uchtála 2010, tá sé d'oibleagáid ar an Údarás ordú a fháil ón Ard-Chúirt sular féidir dul ar aghaidh le huchtálacha áirithe.

Ní mór don Údarás iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun an fógra don athair breithe agus dul i gcomhairle leis a ligean thar ceal sna himthosca seo a leanas

- i gcás nach bhfuil céannacht athar breithe ar eolas ag an Údarás, nó
- i gcás nach raibh an tÚdarás in ann an t-athair breithe a aimsiú chun fógra a thabhairt dó agus dul i gcomhairle leis maidir le suíomh a linbh lena uchtáil/huchtáil nó i ndáil le hiarratas ar uchtáil a linbh.

I measc na gcásanna eile ina gcaithfidh an tÚdarás ceadú a fháil ón Ard-Chúirt chun ordú uchtála a dhéanamh, áirítear cásanna inar leanbh de chuid pósadh é/í an leanbh nó cásanna ina bhfuil saincheist ann maidir le suíomh an linbh leis na tuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha.

Sa bhliain 2015, rinneadh 6 iarratas chun na hArd-Chúirte faoi Alt 18 den Acht le go bhféadfaí leanbh a shuíomh lena uchtáil/huchtáil gan dul i gcomhairle leis an athair breithe. Géilleadh do na 6 iarratas.

Sa bhliain 2015, rinneadh 14 iarratas chun na hArd-Chúirte faoi Alt 30 den Acht le go bhféadfaí leanúint ar aghaidh le hiarratas ar uchtáil gan dul i gcomhairle leis an athair breithe. Géilleadh do na 14 iarratas.

Le gur féidir leis an Údarás ordú uchtála a dhéanamh, ní mór don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (nó ní mór do na hiarratasóirí, i gcásanna áirithe) iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt sna himthosca seo a leanas —

- i gcás nach bhfuil toilithe ó thuismitheoirí ar fáil agus/nó
- i gcás nach féidir a thaispeáint gur mhainnigh an thuismitheoir (na thuismitheoirí) a dhualgas/dualgas (a ndualgas) a chomhlíonadh i leith a linbh agus
- gurb é leas an linbh é uchtáil a dhéanamh,

Sa bhliain 2015, rinneadh 13 iarratas chun na hArd-Chúirte faoi Alt 53/54 den Acht. Géilleadh do na 13 iarratas sa bhliain 2015.

## FAISNÉIS agus LORGAIREACHT

### Anailís ar Ghníomhaíochtaí

#### Iarratais ar Scaoileadh Deimhnithe Breithe

Sa bhliain 2015, fuair an tÚdarás 68 n-iarratas ó dhaoine uchtaithe chun a ndeimhnithe breithe a scaoileadh agus tá na hiarratais sin á mbreithniú go gníomhach faoi láthair.

Scaoileadh 30 deimhniú breithe agus diúltaíodh do 5 iarratas. Maidir leis an 30 deimhniú breithe a scaoileadh, bhain cuid acu le hiarratais a rinneadh roimh an mbliain 2015. Maidir le 3 cinn de na hiarratais ar diúltaíodh dóibh, bhain siad le hiarratais a fuarthas roimh an mbliain 2015.

#### An Clár Náisiúnta Roghanna maidir le Teagmháil i gcás Uchtáil (NACPR)

Sa bhliain 2015, cuireadh 572 iarratasóir nua le Clár Náisiúnta Roghanna maidir le Teagmháil i gcás Uchtáil. Maidir le 92 chás, shainaithin an tÚdarás meaitseáil idir na hiarratasóirí nua agus baill teaghlaigh a bhí cláraithe leis an gClár roimhe sin.

#### An Mheitheal Oibre Sóisialta

Dhéileáil Meitheal Oibre Sóisialta an Údaráis le 212 tharchur nua le haghaidh seirbhísí faisnéise, comhairlithe agus lorgaireachta. Maidir leis an gClár Náisiúnta Roghanna maidir le Teagmháil i gcás Uchtáil, rinne oibríthe sóisialta teagmháil le daoine a bhí bainteach le 92 mheaitseáil, lena n-áirítear 45 mheaitseáil ó thaobh siblíní de. Sa bhliain 2015, lorg 138 nduine eile faisnéis agus comhairle faoi lorgaireacht tríd an líne theileafóin oibre sóisialta a bhíonn ar fáil i rith an lae oibre.

#### CÓD RIALACHAIS

Déanann Údarás Uchtála na hÉireann athbhreithniú ar a Chód Rialachais comhaontaithe. Cuirtear gach dréacht-athrú faoi bhráid an Bhoird agus na Roinne lena gceadú.

Cuirtear aighneacht faoi bhráid na Roinne i ndáil leis an dréacht-Chód Cleachtais uasdátaithe maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Cuirtear gach duine den fhoireann agus comhaltaí an Bhoird ar an eolas faoin gCód Rialachais.

Tá gach uirlis seicliosta agus comhlíontachta comhlánaithe agus cuireadh chuig an Roinn iad.

#### UCHTÁIL IDIR TÍORTHA

##### Anailís ar Ghníomhaíochtaí

##### Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta

Dheonaigh an tÚdarás 86 nDearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta sa bhliain 2015 d'iarratasóirí a bhí ag iarraidh uchtáil a dhéanamh thar lear agus shínigh sé 86 Dhearbhú a bhí ann cheana féin go ceann bliain amháin.

## Clár na nUchtálacha Idir Tíortha

Cuireadh 160 thaifead san iomlán isteach i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha i leith na n-alt iomchuí go léir den Acht Uchtála 2010. Bhain 82 thaifead díobh sin le huchtálacha isteach in Éirinn a rinneadh faoi théarmaí agus faoi choinníollacha Choinbhinsiún na Háige 1993.

## Meaitseáil Leanaí

Oibríonn oibríthe sóisialta le daoine den fhoireann riaracháin agus le comhairleoir liachta chun comhairle a chur ar fáil maidir le riachtanais leanaí a mheitseáil le cumais tuismitheoirí ionchasacha Éireannacha. Sa bhliain, 2015, tarchuireadh 80 leanbh go hÉirinn ó thíortha eile. Déanann meitheal ildisciplíneach an Údaráis (ina gcuimsítear an Príomhoibrí Sóisialta, an comhairleoir liachta agus bainisteoir an Aonaid Uchtála Idir Tíortha) athbhreithniú ar gach tarchur linbh lena uchtáil/huchtáil).

Maidir le tíortha nach bhfuil gníomhaireacht chreidiúnaithe ag Éirinn iontu e.g. na hOileáin Philipíneacha agus an Téalainn, chuaigh daoine den fhoireann oibre sóisialta i dteagmháil leis na tuismitheoirí ionchasacha chun a gcumas chun freastal ar riachtanais shonracha na leanaí a phlé.

Rinne Coimisiún Speisialta athbhreithniú ar oibriú praiticiúil Uchtálacha Idir Tíortha faoi Choinbhinsiún na Háige 1993.

Sa tréimhse ón 8 Meitheamh 2015 go dtí an 12 Meitheamh 2015, seoladh cruinniú de chuid Coimisiún Speisialta sa Háig chun athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú praiticiúil Choinbhinsiún na Háige an 29 Bealtaine 1993 um Chosaint Leanaí agus Comhar i leith Uchtála idir Tíortha (“Coinbhinsiún na Háige 1993”). Ghlac níos mó ná 255 shaineolaí páirt sa chruinniú, agus ionadaithe ó 74 thír agus ó 18 n-eagraíocht idirnáisiúnta ann ina measc.

Ba iad an Cathaoirleach, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Stiúrthóir Oibríochtaí agus Seirbhísí Corparáideacha a bhí ann mar ionadaithe an Údaráis.

Ar an gcéad lá, bhí plé ann faoi “20 bliain de Choinbhinsiún na Háige 1993”. Ar na laethanta ina dhiaidh sin, pléadh raon saincheistanna lena n-áirítear an méid seo a leanas: uchtáil idir tíortha i gcás leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta, tacaíocht iaruchtála, gnáthchónaí agus scóip Choinbhinsiún 1993, comhoibriú, saincheistanna maidir le nósanna imeachta, úsáid teicneolaíochtaí nua-aimseartha in uchtálacha idir tíortha, na gnéithe airgeadais a bhaineann le huchtáil idir tíortha agus an tslí is fearr chun aghaidh a thabhairt ar chleachtais aindleathacha agus

cleachtas den sórt sin a chosc. Chuir an cruinniú fóram uathúil ar fáil d'údarás na Stát Conarthach éagsúil a bhí ann agus, chomh maith leis sin, do Stáit a raibh breithniú gníomhach á dhéanamh acu i dtaobh teacht chun bheith ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún, chun ábhair inní agus taithí maidir le léiriú agus feidhmiú an Choinbhinsiúin a chomhroinnt lena chéile.

I dtaca le tuilleadh oibre sa réimse seo de, mhol an Coimisiún Speisialta gur ceart, i measc nithe eile, leanúint den treoir faoi ghnáthchónaí agus scóip Choinbhinsiún na Háige 1993 a fhorbairt. Moladh freisin go leanfaí den obair a bhaineann le treoir faoin ábhar a bhí á mholadh le haghaidh thuarascálacha Airteagal 15 agus Airteagal 16, le haghaidh na tuarascála ar chúrsaí iaruchtála agus le haghaidh ráitis toilithe an linbh i leith uchtáil idir tíortha agus, chomh maith leis sin, le haghaidh samhail-foirmeacha nua eile. Ina theannta sin, mhol an cruinniú gur ceart go leanfadh “an Grúpa Saineolaithe ar ghnéithe airgeadais d’uchtáil idir tíortha” agus “an Grúpa Oibre ar Aghaidh a Thabhairt ar Chleachtas Aindleathacha agus Cosc a chur ar Chleachtas den sórt sin” dá gcuid oibre.

Saincheisteanna a bhaineann le Tíortha Sonracha

An Bhulgáir: Sa bhliain 2015, deonaíodh 10 nDearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a bhí ag beartú uchtáil a dhéanamh sa Bhulgáir; deonaíodh 8 gComhaontú chun Leanbh a Shuíomh (Airteagal 17 de Choinbhinsiún na Háige) agus cuireadh 8 dtaifead isteach i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha.

An tSín: Sa bhliain 2015, deonaíodh 14 Dhearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a bhí ag beartú uchtáil a dhéanamh sa tSín; deonaíodh 17 gComhaontú chun Leanbh a Shuíomh (Airteagal 17 de Choinbhinsiún na Háige) agus cuireadh 15 tháifead isteach i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha.

Háítí: Sa bhliain 2015, deonaíodh 3 Dhearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a bhí ag beartú uchtáil a dhéanamh i Háítí.

Meicsiceo: Sa bhliain 2015, níor deonaíodh aon Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a bhí ag beartú uchtáil a dhéanamh i Meicsiceo agus cuireadh 11 tháifead isteach i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha. Bhain deich gcinn díobh sin le hiontrálacha i leith uchtálacha a rinneadh sa tréimhse 2010-2011 agus d'éirigh siad as breithiúnas ón Ard-Chúirt (O'C v. the Adoption Authority of Ireland).



Na hOileáin Philipíneacha: Sa bhliain 2015, deonaíodh 1 Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a bhí ag beartú uchtáil a dhéanamh sna hOileáin Philipíneacha; deonaíodh 3 Chomhaontú chun Leanbh a Shuíomh (Airteagal 17 de Choinbhinsiún na Háige). Faoi na socruithe reatha, féadtar leanaí Filipíneacha a uchtáil in Éirinn ina dhiaidh sin.

An Pholainn: Sa bhliain 2015, deonaíodh 2 Dhearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a bhí ag beartú uchtáil a dhéanamh sa Pholainn.

An Téalainn: Sa bhliain 2015, deonaíodh 6 Dhearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a bhí ag beartú uchtáil a dhéanamh sa Téalainn; deonaíodh 4 Chomhaontú chun Leanbh a Shuíomh (Airteagal 17 de Choinbhinsiún na Háige) agus cuireadh 1 taifead isteach i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha.

Stáit Aontaithe Mheiriceá: Sa bhliain 2015, deonaíodh 23 Dhearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a bhí ag beartú uchtáil a dhéanamh i Stáit Aontaithe Mheiriceá; deonaíodh 13 Chomhaontú chun Leanbh a Shuíomh (Airteagal 17 de Choinbhinsiún na Háige) agus cuireadh 6 thaifead isteach i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha.

Thug ionadaithe de chuid an Údaráis cuairt ar Stáit Aontaithe Mheiriceá chun an t-athbhreithniú débhlíantúil a dhéanamh ar shocrú riaracháin na hÉireann-Stáit Aontaithe Mheiriceá agus bhuail siad le gníomhaireachtaí, le Roinn Stáit na Stát Aontaithe, le hAmbasáid na hÉireann in Washington agus le hAmbasadóir na hÉireann, Anne Anderson.

Bhuail an Dr Geoffrey Shannon, Cathaoirleach, Patricia Carey, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Kiernan Gildea, Stiúrthóir Oibríochtaí Údarás Uchtála na hÉireann, leis an Ambasadóir Susan Jacobs, Comhairleoir Speisialta maidir le Saincheisteanna Leanaí, le Henry Hand, Stiúrthóir na hOifige um Shaincheisteanna Leanaí, agus le Carine Rosalia, Abhcóide Comhairleach.

Ba é ba phríomhaidhm don chruinniú ná athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú an Chomhaontaithe Riaracháin ar Uchtáil Idir Tíortha idir Éire agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, ar comhaontú é a shínigh an tAire Fitzgerald (ina cáil mar Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige) le linn cuairte i Meán Fómhair 2013. Bhí socrú ann sa chomhaontú maidir leis an athbhreithniú a dhéanamh tar éis dhá bhliain.

An Ríocht Aontaithe: Sa bhliain 2015, níor deonaíodh aon Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a bhí ag beartú uchtáil a dhéanamh sa Ríocht Aontaithe; deonaíodh 1 Chomhaontú chun

Leabh a Shuíomh (Airteagal 17 de Choinbhinsiún na Háige) agus cuireadh 5 thaifead isteach i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha.

Tá sé curtha in iúl ag Údarás Lárnach Náisiúnta Shasana (comhlacht comhordúcháin na gceithre údarás lárnach náisiúnta sa Ríocht Aontaithe) nach mbíonn leanaí ar fáil sa Ríocht Aontaithe, de ghnáth, le haghaidh uchtáil idir tíortha. D'fhéadfaí eisceachtaí a dhéanamh i gcás ina bhfuil gnáthchónaí ar leabh sa Ríocht Aontaithe ach go bhfuil gaolta aige/aici in Éirinn.

Vítneam: Sa bhliain 2015, deonaíodh 27 nDearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a bhí ag beartú uchtáil a dhéanamh i Vítneam; deonaíodh 30 Comhaontú chun Leabh a Shuíomh (Airteagal 17 de Choinbhinsiún na Háige) agus cuireadh 31 taifead isteach i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha.

An Cholóim, An Chéinia, An Liotuáin, Peiriú agus An Afraic Theas: Tá an Ghníomhaireacht Idirghabhála *Helping Hands* creidiúnaithe chun uchtáil ó na tíortha seo a éascú.

An Chasacstáin: Leanadh de na hiarrachtaí chun plé a thionscnamh i dtaobh an féidir socruithe riaracháin a dhéanamh le húdaráis na Casacstáine.

## CLÁR AITHEANTAIS INSCNE NA nUCHTÁLACHA IDIR TÍORTHA

Shínigh an Dr. James Reilly, Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Ionstraim Reachtúil Uimh. 534 de 2010 i mí na Nollag 2015, is é sin, na Rialacháin um an Acht Uchtála 2010 (Clár Aitheantais Inscne na nUchtálacha Idir Tíortha) 2015.

Féadfaidh daoine ag a bhfuil Deimhniú bailí Aitheantais Inscne atá eisithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí agus a bhfuil a n-uchtáil cláraithe i gClár na nUchtálacha Coigríche nó i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha iarratas a dhéanamh chuig an Údarás ar thaifead a chur isteach i gClár Aitheantais Inscne na nUchtálacha idir Tíortha.

Ní mór iarratais a dhéanamh i scríbhinn chuig an Údarás agus is ceart na doiciméid seo a leanas a chur ag gabháil leis an iarratas:

- an chóip bhunaidh den Deimhniú Aitheantais Inscne a d'eisigh an Roinn Coimirce Sóisialaí

- cóip den litir fógra ón Roinn Coimirce Sóisialaí a bhí ag gabháil leis an Deimhniú Aitheantais Inscne
- cóip den taifead i gClár na nUchtálacha Coigríche nó i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha (má tá sé ar fáil).

Cuireadh dhá (2) thaifead isteach sa Chlár seo sa bhliain 2015.

## CREIDIÚNÚ

### Anailís ar Ghníomhaíochtaí

Déantar foráil faoi Alt 126 den Acht Uchtála 2010 maidir le ‘Clár Comhlachtaí Creidiúnaithe’ a choimeád.

Ag deireadh na bliana 2015, is mar a leanas a bhí stádas na gceithre chomhlacht chreidiúnaithe chláraithe:

Ag feidhmiú:

- International Adoption Association  
Ionad Fiontraíochta Thír an Iúir, 17 Bóthar Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 6W
- PACT  
18D Páirc Oifigí an Gharráin Chnó, Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 14
- Cúnamh  
CPRSI House, 30 Sráid Anna Theas, Baile Átha Cliath 2
- Barnardos Post Adoption Service  
23/24 Sráid Buckingham, Baile Átha Cliath 1
- St. Mura's Adoption Society  
Pastoral Centre, Monastery Avenue, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall
- Clarecare  
Harmony Row, Inis, Co an Chláir
- Arabella Counselling, t/a Here2Help  
18D Páirc Oifigí an Gharráin Chnó, Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 14
- Helping Hands Adoption Facilitation Agency t/a Helping Hands Adoption Mediation Agency  
Forge Lodge, Cnoc na Ceártan, Corcaigh

Dúnta nó gan bheith ag feidhmiú:

- Arc Adoption Limited (dúnadh i mí na Samhna 2015) 4ú hUrlár, Cúirt an Chairdis, Rae an Chairdis, Baile Átha Cliath 2

22

- Families for Children Adoption Agency Limited (Neamhghníomhach) Suite 206, The Capel Building, Mainistir Mhuire, Baile Átha Cliath 1
- Pathways to Adoption (Neamhghníomhach) Suite 36, Cúirt an Rabhcháin, Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 18
- Family Bridge Adoptions Limited (Neamhghníomhach) 5 Cúirt Dhídean na bhFianna, Baile Átha Cliath 15

Ní bheartaítear an clárúchán a athnuachan sa bhliain 2016:

- St. Patrick's Guild  
203 Bóthar Mhuirfean, An Charraig Dhubh, Baile Átha Cliath 4
- St. Attracta's Adoption Society  
Teach an Chustaim, Uimh. 2 The Quays, Sligeach

An líon iarratas ar chlárú comhlachta chreidiúnaithe - NIALAS

Arc Adoption Limited

Ar an 16 Meán Fómhair 2015, chinn Arc Adoption Limited gan athnuachan ar a chlárúchán faoin Acht Uchtála 2010 a lorg nuair a rachadh a chreidiúnú in éag ar an 7 Feabhra 2016.

Rinneadh an cinneadh sin mar thoradh ar roinnt cúiseanna a raibh gach ceann acu bainteach le heaspa maoiniúcháin agus inbhuanaitheacht na heagraíochta sna cúinsí athraitheacha i dtaca le huchtáil idir tíortha de.

Chinn Bord Arc nach bhféadfadh an chuideachta leanúint ar aghaidh i gcúinsí den sórt sin agus, dá bhrí sin, go n-imeoidís ón earnáil uchtála. D'iarr an ghníomhaireacht ar Údarás Uchtála na hÉireann a phlean teagmhasach a chur i bhfeidhm chun aistriú ordúil na gcásanna beo go léir agus na gcomhad cliaint go léir chuig an Údarás a éascú.

Ghlac an tÚdarás coimeád sealadach ar 120 comhad, fad a bheadh caibidlíochtaí ar siúl le Helping Handing Adoption Mediation Agency (HHAMA) i ndáil leis an gclár uchtála idir tíortha i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus i ndáil leis an ualach oibre a

bhainfeadh leis sin a ghlacadh ar láimh. Rinneadh an t-aistriú go rathúil gan mórán cur isteach ar chlár na Stát Aontaithe, má bhí aon chur isteach ar chor ar bith ann.

## Cigireacht

De bhreis ar na dtuarascálacha sémhíosúla féinmheasúnaithe a thíolaic gach comhlacht creidiúnaithe sa bhliain 2015, chuir an tÚdarás tús le scéim píolótach cigireachta, i gcomhar le ‘Cúnamh’, i mí an Mheithimh/mí Iúil 2015.

An líon iarratas ar chlárú comhlachta chreidiúnaithe sa bhliain 2015	NIALAS
Ainm agus seoladh na gcomhlachtaí creidiúnaithe a taifeadadh i gClár na gComhlachtaí Creidiúnaithe sa bhliain 2015	CEANN AR BITH
Ainm agus seoladh gach Comhlachta Chreidiúnaithe a baineadh den Chlár sa bhliain 2015	CEANN AR BITH

## FORLÉARGAS AR ÚSÁID FUINNIMH SA BHLIAIN 2015

I mí na Nollag 2009, thug an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha éifeacht do Threoir 2006/32/CE an 5 Aibreán 2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus rinneadh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Úsáide Deiridh Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh) 2009 (I.R. 542 de 2009).

Leis na Rialacháin sin, ceanglaítear ar eagraíochtaí nua earnála poiblí tuairisciú a dhéanamh gach bliain, le héifeacht ó Eanáir 2011, maidir leis an bhfuinneamh a úsáideann siad agus maidir le bearta atá déanta chun úsáid fuinnimh a laghdú.

SA bhliain 2015, d’úsáid Údarás Uchtála na hÉireann 168,129 kWh agus bhí sé sin 11.9% níos lú ná mar a úsáideadh sa bhliain 2014. Táimid i riocht maith chun an laghdú atá ag teastáil faoin mbliain 2020 a bhaint amach.

TÁBLAÍ STAITISTIÚLA

Tábla 1	Treochtaí Breithe agus Uchtála Baile in Éirinn sa tréimhse 1953-2015
Tábla 2	Orduithe Uchtála Baile a deonaíodh sa bhliain 2015/Comhlachtaí Creidiúnaithe a bhí i gceist
Tábla 3	An líon iomlán uchtálacha idir tíortha a aithníodh idir na blianta 1991 agus 2015, i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála (Baineann Alt 5 den Acht Uchtála 1991 agus Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo).
Tábla 4	An líon iomlán uchtálacha idir tíortha a aithníodh sa bhliain 2015, i gcás ina ndearnadh na huchtálacha tar éis achtú an Achta Uchtála 2010 agus i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála. (Baineann Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo).
Tábla 5	An líon iomlán uchtálacha idir tíortha a aithníodh sa bhliain 2015, i gcás ina ndearnadh na huchtálacha roimh achtú an Achta Uchtála 2010 agus i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu ó Údarás Uchtála na hÉireann tráth déanta na huchtála. (Baineann Alt 57(2)(a) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo).
Tábla 6	An líon iomlán uchtálacha idir tíortha a aithníodh sa bhliain 2015, i gcás ina ndearnadh na huchtálacha tar éis achtú an Achta Uchtála 2010 agus i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí thar lear. (Baineann Alt 57(2)(b)(i) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo).
Tábla 7	An líon iomlán uchtálacha idir tíortha a aithníodh idir na blianta 2011 agus 2015, i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála (Baineann Alt 5 den Acht Uchtála 1991 agus Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo).
Tábla 8	An líon iomlán uchtálacha idir tíortha a aithníodh idir na blianta 1991 agus 2015 (Gach Roinn)
Tábla 9	An líon iomlán Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta arna ndeonú agus arna ndiúltú ag an mBord (iar-Bhord) Uchtála faoin Acht Uchtála 1991 i gcás uchtálacha idir tíortha.
Tábla 10	An líon iomlán Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta arna ndeonú agus arna ndiúltú ag Údarás Uchtála na hÉireann faoin Acht Uchtála 2010 i gcás uchtálacha idir tíortha.

Tábla 1. Treochtaí Breithe agus Uchtála Baile in Éirinn sa tréimhse 1953-2015

Bliain	An Líon Iomlán Breitheanna	An Líon Breitheanna Neamhphósta	% den Líon Iomlán Breitheanna	An Líon Uchtálacha
1953	62,558	1,340	2.14	381
1954	62,534	1,310	2.09	888
1955	61,662	1,234	2.00	786
1956	60,740	1,173	1.93	565
1957	61,242	1,032	1.69	752
1958	59,510	976	1.64	592
1959	60,188	959	1.59	501
1960	60,735	968	1.59	505
1961	59,825	975	1.63	547
1962	61,782	1,111	1.80	699
1963	63,246	1,157	1.83	840
1964	64,072	1,292	2.02	1,003
1965	63,525	1,403	2.21	1,049

Údarás Uchtála na hÉireann – Tuarascáil Bhliantúil 2015

1966	62,215	1,436	2.31	1,178
1967	61,307	1,540	2.51	1,493
1968	61,004	1,558	2.55	1,343
1969	62,912	1,642	2.61	1,225
1970	64,382	1,709	2.65	414
1971	67,551	1,842	2.73	1,305
1972	68,527	2,005	2.93	1,291
1973	68,713	2,167	3.15	1,402
1974	68,907	2,309	3.35	1,415
1975	67,178	2,515	3.74	443
1976	67,718	2,545	3.76	1,104
1977	68,892	2,877	4.18	1,127
1978	70,299	3,003	4.27	1,223
1979	72,539	3,337	4.60	988
1980	74,064	3,723	5.03	1,115
1981	72,158	3,914	5.42	1,191
1982	70,843	4,358	6.15	1,191
1983	67,117	4,552	6.78	1,184
1984	64,062	5,116	7.99	1,195
1985	62,388	5,282	8.47	882
1986	61,620	5,946	9.65	800
1987	58,433	6,347	10.86	715
1988	54,600	6,483	11.87	649
1989	52,018	6,671	12.82	615
1990	53,044	7,767	14.64	648
1991	52,718	8,912	16.91	590
1992	51,089	9,211	18.03	523
1993	49,304	9,826	19.93	500
1994	47,928	9,904	20.66	424
1995	48,530	10,788	22.23	490
1996	50,390	12,484	24.77	405
1997	52,311	13,892	26.56	422
1998	53,551	15,133	28.26	400
1999	53,354	16,461	30.85	317
2000	54,239	17,235	31.78	303
2001	57,882	18,049	31.18	293
2002	60,521	18,815	31.09	266
2003	61,517	19,313	31.39	263
2004	61,684	19,935	32.32	273
2005	61,042	19,528	32.00	253
2006	64,237	21,295	33.15	222
Bliain	An Líon Iomlán Breitheanna	An Líon Breitheanna Neamhphósta	% den Líon Iomlán Breitheanna	An Líon Uchtálacha
2007	70,620	23,170	32.81	187
2008	75,065	24,844	33.09	200
2009	74,728	24,532	32.82	190
2010	73,724	24,860	33.72	189
2011	74,650	25,157	33.70	39
2012	72,225	25,344	35.10	49
2013	68,930	24,393	35.40	116
2014	67,462	24,514	36.30	112
2015	Gan bheith ar fáil an tráth a cuireadh an doiciméad seo o gcló			94
IOMLÁN				44,364

Foinsí: Achomaireachtaí Staitistiúla (blianta éagsúla), An Phríomh-Oifig Staidrimh

Tábla 2 Orduithe Uchtála Baile a deonáíodh/Comhlachtaí Creidiúnaithe a bhí i gceist

Feidhmeannacht na Seirbhíse Poiblí/An Ghníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach/Tusla	Gach ceann
--	------------



Tábla 3 Taifid i gClár na nUchtálacha Coigríche, 1991-2010, a taifeadh de bhun Alt 5 den Acht Uchtála 1991, agus i gclár na nUchtálacha idir Tíortha 2010-2015, de bhun Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010. (Iarratasóirí a bhfuil gnáthchónaí orthu in Éirinn agus a bhfuil Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oriúnachta acu tráth déanta na huchtála idir tíortha).			
An Líon	An Tír	An líon leanaí	
1	An Rúis	1605	
2	Vítneam	817	
3	An Rómáin	786	
4	An tSín	404	
5	An Aetóip	301	
6	Guatamala	176	
7	An Chasacstáin	149	
8	An Bhealarúis	145	
9	An Téalainn	113	
10	An Úcráin	99	
11	Meicsiceo	107	
12	Stáit Aontaithe Mheiriceá	73	
13	An India	51	
14	An Cholóim	19	
15	An Téaváin	19	
16	An Bhrasaíl	17	
17	Paragua	16	
18	Na hOileáin Philipíneacha	11	
19	An Bhulgáir	18	
20	Peiriú	7	
21	An Chambóid	4	
22	Uganda	2	
23	An Úisbéiceastáin	2	
24	An Ríocht Aontaithe	7	
25	An tSalvadóir	2	
26	An tSile	1	

27	Iosrael	1	
28	An tSeapáin	1	
29	An Liobáin	1	
30	An Bholáiv	1	
31	Srí Lanca	1	
32	Veiniséala	1	
33	An tSaimbia	1	
34	An Chéinia	1	
35	An tSiombáib	1	
36	Maracó	1	
37	An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin	1	
38	An Mhaláiv	1	
39	An Libia	1	
40	An Afraic Theas	1	
41	An Liotuáin	1	
	Iomlán	4966	

Tábla 4 Taifid i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha, de bhun Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010 don bhliain 2015 amháin. (Iarratasóirí a bhfuil gnáthchónaí orthu in Éirinn agus a bhfuil Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála idir tíortha).	
An Tír	2015
An Bhulgáir	8
An Chambóid	1
An tSín	15
An Liotuáin	1
Meicsiceo	11
Peiriú	1
An Rúis	2
An Téalainn	1
Stáit Aontaithe Mheiriceá	6

Údarás Uchtála na hÉireann – Tuarascáil Bhliantúil 2015

An Ríocht Aontaithe	5
Vítneam	31
Iomlán	82

Tábla 5  
An líon iomlán uchtálacha idir tíortha a aithníodh sa bhliain 2015, i gcás ina ndearnadh na huchtálacha roimh achtú an Achta Uchtála 2010 agus i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí thar lear. (Baineann Alt 57(2)(a) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo).

An Tír	2015
An Astráil	2
Ceanada	2
An tSín	12
An Cholóim	2
An Iodáil	<b>1</b>
An Chasacstáin	<b>1</b>
An Rúis	<b>1</b>
An Afraic Theas	2
An Tansáin	2
An Ríocht Aontaithe	11
Stáit Aontaithe Mheiriceá	9
An tSiombáib (an Róidéis roimhe seo)	3
Iomlán	48

An líon iomlán uchtálacha idir tíortha a aithníodh sa bhliain 2015, i gcás ina ndearnadh na huchtálacha tar éis achtú an Achta Uchtála 2010 agus i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí thar lear. (Baineann Alt 57(2)(b)(i) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo).

An Chambóid	<b>1</b>
An tSín	2
An Cholóim	2
Hong Cong	3
An India	<b>1</b>
Na hOileáin Philipíneacha	<b>1</b>
An Tansáin	<b>1</b>

Údarás Uchtála na hÉireann – Tuarascáil Bhliantúil 2015

An Téalainn	2
An Ríocht Aontaithe	9
Stáit Aontaithe Mheiriceá	7
An Afraic Theas	<b>1</b>
Iomlán	30

An líon iomlán uchtálacha idir tíortha a aithníodh idir na blianta 2011 agus 2015, i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála (Baineann Alt 5 den Acht Uchtála 1991 agus Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo).

An Tír	2011	2012	2013	2014	2015
An Bhulgáir					
An Chambóid					
An tSín					15
An Cholóim					
An tSalvadóir					
An Aetóip	42	32	26		
An India		10	10		
An Chasacstáin					
An Liotuáin					
Meicsiceo					11
Peiriú					
Na hOileáin Philipíneacha					
An Rúis	124	49	17		
An Téaváin					
An Téalainn					
Stáit Aontaithe Mheiriceá		19			
An Ríocht Aontaithe					
Vítneam					31
Iomlán	188	117	72	34	82

<b>Tábla 8</b>	
<b>An líon uchtálacha idir tíortha a aithníodh idir 1991 agus 2015 (Gach Roinn)</b>	
1991	58
1992	305
1993	59
1994	67
1995	90
1996	117
1997	148
1998	260
1999	284
2000	323
2001	285
2002	440
2003	487
2004	486
2005	439
2006	406
2007	436
2008	490
2009	394
2010	288
2011	342
2012	244
2013	145
2014	104
2015	160
<b>Iomlán</b>	<b>6857</b>

Tábla 9 An Líon Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta arna ndeonú agus arna ndiúltú ag an mBord Uchtála faoin Acht Uchtála 1991 i gcás uchtálacha idir tíortha.		
Bliain	An Líon Dearbhuithe a Deonaíodh	An Líon Dearbhuithe ar Diúltaíodh dóibh
1991	4	1
1992	40	1
1993	54	6
1994	63	3
1995	109	4
1996	117	5
1997	176	1
1998	206	3
1999	242	1
2000	282	1
2001	391	1
2002	399	1
2003	468	0
2004		0
2005	403	3
2006	400	3
2007	452	5
2008	494	1
2009	391	1
2010	423	1
Iomlán	5,575	40

Tábla 10 An líon Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta (Idir Tíortha) arna ndeonú agus arna ndiúltú ag Údarás Uchtála na hÉireann ón mbliain 2010 go dtí an bhliain 2015 faoin Acht Uchtála 2010 i gcás uchtálacha idir tíortha.		
Bliain	Deonaithe	Diúltaithe
2010	20	0
2011	205	0
2012	164	2
2013	266	1
2014	106	4
2015	86	1
lomlán	847	8